



An
Bord
Pleanála

Clár Oibre d'Éisteacht ó Bhéal

ABP300275-17

Dáta	15 – 17 Bealtaine 2018
Am Tosaithe	10:00rn 15 Bealtaine 2018
Áit	The Bridge Suite, Clayton Hotel, Gaillimh, Bóthar Mhuine Mheá, Baile an Bhriotaigh, Gaillimh.

Is í cúis na héisteachta ó bhéal ná deis a thabhairt do gach pháirtí, dóibh siúd atá ag iarraidh, tuilleadh aighneachtaí lasmuigh de na haighneachtaí scríofa atá déanta acu a chur isteach, agus chun deis a thabhairt don chigire tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil ar aon cheist a chuirtear chun tosaigh. Beidh deis ag na rannpháirtithe chomh maith ceisteanna a fhiafraigh nó soiléiriú a lorg ar aighneachtaí a thabharfar isteach ag an éisteacht.

Is fiú an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- Ní chaithfidh aon rannpháirtí freastal ar an éisteacht, nó aighneacht a chur isteach ann, nó ceist a chur chuig na rannpháirtithe eile. Cuirfear gach aighneacht scríofa a chuireadh isteach cheana san áireamh ag an gchigire agus ag an mBord. Mar sin, ní gá d'aighneachtaí a chuireadh isteach cheana a bheith athráite ag an éisteacht ó bhéal.
- Má tá sé ar intinn agat aighneacht a chur chuig an éisteacht, le do thoil cuir na sonraí seo a leanas istigh faoin 4 Bealtaine le cabhrú le stiúradh na héisteachta.
 - Ainmneacha dóibh siúd atá ag cur aighneachtaí isteach ar do shon
 - Sonraí gairide ar aon ábhar áirithe a bheidh á phlé acu (m.sh. trácht)
 - Fad dóchúil na haighneachta

- Aon sriantacht áirithe maidir lena bheith ar fáil (tabhair faoi deara le do thoil go ndéanfaidh an cigire iarracht cabhair a thabhairt maidir leis seo ach go bhfuil seans ann nach féidir freastal ar gach riachtanas)
- Má tá sé ar intinn agat cóipeanna scríofa den chur i láthair agat a chur ar fáil, ní féidir glacadh leo ach má tá cóip ar fáil do gach páirtí ag an éisteacht. Is fiú dhá chóip d'aon cháipéis scríofa a chur isteach do chomhad an Bhoird.
- Leagtar amach an clár oibre agus ord na n-imeachtaí thíos, chomh maith le clár oibre. Is fiú go dtógann na rannpháirtithe faoi deara nach ann ach clár ama táscach, agus gur féidir le hathrú teacht air le linn na héisteachta ó bhéal.
- Nuair a chríochnóidh an éisteacht ó bhéal, cuirfidh an cigire tuairisc agus moladh le chéile don Bhord. Déanfaidh an Bord cinneadh maidir le cead a thabhairt nó a dhiúltaigh.

Ina aighneacht don éisteacht, iarrtar ar an iarratasóir na hábhar seo a leanas a phlé:

- Comhlíonadh le polasaí pleanála, go háirithe maidir le measán úsáide agus easpa comhpháirte cónaithe laistigh do chomhthéacs Láráit an Chuain.
- Cumraíocht, scála, airde agus dearadh na forbartha maidir le grán uirbeach atá ann, teagmháil le himeall an uisce, taitneamhacht amhairc agus an ríocht phoiblí.
- Measúnú ar thionchar físiúil agus tionchar ar dhéanmhais cosanta atá cóngaracha agus ar ACA Sráid San Nioclás.
- Solas gréine, solas lae, anailís scátha agus radhairc atá os cionn, go hairithe maidir le hionad árasán Barr Taoide.
- Tógáil, scartáil agus bainistíocht dramhaíola go hairithe maidir le straitéis le ithir éillithe a bhaint.
- Bainistíocht iompair agus soghluaisteachta.

Clár Oibre

Lá agus Dáta 15 Bealtaine	
Am	Topaic
RN	<ul style="list-style-type: none"> • Oscailt na héisteachta ó bhéal
	<ul style="list-style-type: none"> • Iarratasóir: <ul style="list-style-type: none"> ○ Achoimre den fhorbairt bheartaithe (10 nóim. ar a mhéad) ○ Freagra ar na ceisteanna áirithe a léirítear thuas agus sna haighneachtaí achomhairc
13:00 – 14:00	Sos
IN	<ul style="list-style-type: none"> • Údarás Pleanála
	<ul style="list-style-type: none"> • Comhlachtaí forordaithe
	<ul style="list-style-type: none"> • Aighneachtaí na n-achomharcóirí
Lá agus Dáta Céadaoin 16 Bealtaine	
Am	Topaic
RN	<ul style="list-style-type: none"> • Aighneachtaí an achomharcóra, ar leanúint. • Aighneachtaí na mbreathnóirí
13:00 – 14:00	Sos
IN	<ul style="list-style-type: none"> • Aighneachtaí na mbreathnóirí, ar leanúint. • Ceistiú idir na páirtithe

Lá agus Dáta Déardaoin 17 Bealtaine	
Am	Topaic
RN	<ul style="list-style-type: none"> • Ceistiú idir na páirtithe • Ráitis deiridh san ord seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> ○ Achomharcóirí ○ Údarás Pleanála ○ Iarratasóir • Dúnadh na héisteachta ó bhéal

Aguisín: Ord na n-achomharcóirí

Achomharcóirí

1. VP Motors Ltd.
2. Des & Therese Norton
3. Brendan Mulligan
4. Tom Conroy
5. Derrick Hambleton
6. Cristina Greaney, An Taisce Galway Association